Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11536/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0192 (NLE)**

**INDEF 139**
**COPS 418**
**POLMIL 289**
**IND 474**
**MAP 151**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 358 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta a shainaithint faoi Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 358 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 358 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
COM(2026) 358 final

2026/0192 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta a shainaithint faoi Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('Rialachán EDIP'), déantar foráil, in Airteagal 35, maidir leis an bhféidearthacht Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta ('TELCCanna') a shainaithint.

Is éard a bheidh sna TELCCanna tionscadail thionsclaíocha chomhoibríocha atá dírithe ar iomaíochas BTTCE a threisiú ar fud an Aontais agus, an tráth céanna, a rannchuidíonn le forbairt chumais mhíleata na mBallstát atá ríthábhachtach do leasanna slándála agus cosanta an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a áirithíonn rochtain ar na réimsí oibríochtúla uile.

De bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) 2025/2643, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sainaithneofar TELCCanna. Comhlíonann an togra seo an ceanglas sin tríd an gcéad sraith tionscadal a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán EDIP a leagan amach chun iad a shainaithint mar TELCCanna.

Tá liosta na dtionscadal faoin togra seo bunaithe ar mheasúnú a rinne an Coimisiún, le tacaíocht ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') agus ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), ar chomhlíontacht na dtionscadal a chuir na Ballstáit isteach i gcomhréir le hAirteagal 35(4) de réir na gcritéar a leagtar amach i Rialachán EDIP. Meastar go rannchuidíonn na tionscadail a bheartaítear a shainaithint mar TELCCanna go mór le hullmhacht cosanta an Aontais trí fhorbairt chomhoibríoch agus soláthar comhoibríoch a chothú, trí thacú le borradh a chur faoi acmhainneachtaí tionsclaíocha i gcás inar gá, agus trí fheabhas a chur ar idir-inoibritheacht agus caighdeánú ar fud na mBallstát rannpháirteach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) 2025/2643 an bunús dlí atá leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle. Leis an bhforáil sin, tugtar de chumhacht don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sainaithneofar Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta.

- **Coimhdeacht**

Baineann an togra le réimse inniúlachta comhroinnte, go háirithe leis an ngné thionsclaíoch d'ullmhacht cosanta an Aontais. Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí a shaothraítear leis an togra a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar.

Faoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2025/2643, chun TELCCanna a shainaithint, ní mór measúnú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ar thionscadail de réir critéir choiteanna a leagtar síos i Rialachán EDIP agus ní mór a chinneadh go comhchoiteann go bhfreastalaíonn na tionscadail ar leas coiteann Eorpach. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cóir chomhionann a áirithiú agus tionscadail den sórt

sin á sainaithint, agus chun creat coiteann a sholáthar do thionscadail a bhfuil a réasúnaíocht agus a n-éifeachtaí trasnáisiúnta go bunúsach.

• **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá sé teoranta don mhéid is gá chun Airteagal 35(3) de Rialachán EDIP a chur chun feidhme.

Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá beartaithe, ní chruthaítear aon oibleagáid de bhreis ar na hoibleagáidí is gá chun TELCCanna a shainaithint faoin gcreat dlíthiúil a bunaíodh leis an mbunghníomh.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Féadfar cistiú a sholáthar do TELCCanna ón imchlúdach buiséadach arna shainaithint chun na críche sin sa chlár oibre arna ghlacadh de bhun Airteagal 21 de Rialachán EDIP. Tá an cinneadh seo gan dochar d'aon chinneadh ina dhiaidh seo maidir le cistiú ón Aontas a dhámhachtain.

Tar éis TELCCanna a bhunú, bheadh an grúpa Ballstát (agus Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo) atá rannpháirteach i TELCC incháilithe do chistiú, agus dheonófaí cistiú dó faoi Airteagal 35 de Rialachán EDIP i gcomhréir le nós imeachta tiomnaithe.

## 4. EILIMINTÍ EILE

**• Céimeanna nós imeachta chun Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna) a shainaithint**

(1) An 16 Feabhra 2026, sheol an Coimisiún glao ar léiriú spéise arb é is aidhm dó dul i gcomhairle le Ballstáit den Aontas Eorpach ar bhealach cuimsitheach maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna) a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, de bhun Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2025/2643. Faoi spriocdháta an 29 Bealtaine 2026, chuir na Ballstáit naoi dtogra tionscadail isteach le haghaidh TELCCanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

(2) D'iarr an Coimisiún ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), tríd an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh (EUMS), agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), a gcuid saineolais a sholáthar d'fhonn comhsheasmhacht leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 35(2), pointí (b), (c) agus (d), a áirithiú agus an fhaisnéis a sholáthair na Ballstáit maidir le tograí tionscadail a chomhlánú.

(3) D'fhíoraigh an Coimisiún gur cuireadh na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe uile, agus, i gcás inarb ábhartha, an Úcráin, ar an eolas go raibh tionscal ag teacht chun cinn agus gur tugadh an deis dóibh a bheith rannpháirteach ann.

(4) D'fhíoraigh an Coimisiún, agus an fhaisnéis a sholáthair SEGS, lena n-áirítear EUMS agus GEC, á cur san áireamh freisin, go gcomhlíonann na tograí tionscadail le haghaidh TELCCanna a d'fhéadfadh a bheith ann, ar tograí iad a cuireadh isteach faoin nglao ar léiriú spéise de réir na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é Airteagal 1 den togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an fhoráil oibríochtúil lena léirítear go sainaithneofar na tionscadail a liostaítear san Iarscríbhinn mar na chéad Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna), de bhun Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2025/2643.

Liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh na cúig thionscadal atá le sainaithint mar TELCCanna agus leagtar amach inti, i gcás gach ceann díobh, na príomhchuspóirí agus na príomh-shaintréithe, na tíortha rannpháirteacha agus an méid foriomlán airgeadais measta, mar a iarrtar le hAirteagal 35(6) de Rialachán (AE) 2025/2643.

Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 35(14), beidh an Coimisiún in ann páirt a ghlacadh sna tionscadail, i gcás inarb ábhartha, agus féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha cinneadh a dhéanamh ról breathnóra ar TELCC a thabhairt don Ardionadaí agus do GEC. Dá bhrí sin, liostaítear san Iarscríbhinn freisin an rannpháirtíocht atá beartaithe ag an gCoimisiún agus rannpháirtíocht an Ardionadaí agus GEC mar bhreathnóirí, chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun soiléireacht a sholáthar maidir le creat gach TELCC a shainaithnítear.

- **Míniú mionsonraithe ar an tseiceáil ar a mhéad a chomhlíonann tograí TELCC na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643**

Mar thoradh ar an bpróiseas fíorúcháin agus i gcomhréir le hAirteagal 35(3) de Rialachán (AE) 2025/2643, molann an Coimisiún, ag an gcéim seo, cúig cinn de na naoi dtogra a cuireadh isteach a shainaithint mar TELCCanna, is iad sin: **Diongbháilteacht Eorpach Drón agus Frith-Dhrón (DECODER);** Cosaint Chomhtháite Mhuirí agus Ghrinneall na Farraige (CCMGF); AN SPÁS; Cosaint Chónasctha Chomhtháite Aeir agus Diúracán an Aontais lena n-áirítear Cumais Luathrabhaidh (CCCAD-AE), agus Faireachán ar an gCliathán Thoir (FCT).

Mheas an Coimisiún, maidir le soiléireacht a gcuspóirí agus le leibhéal a n-aibíochta, go gcomhlíonann na cúig thogra na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643 ina n-iomláine. Go sonrach, d'fhéadfaidís iomaíochas, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú go mór, rannchuidiú le forbairt chumais mhíleata na mBallstát, comhar faoi chuimsiú PESCO, tionscnaimh agus tionscadail de chuid GEC agus gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag ECAT a chur san áireamh agus, an tráth céanna, a bheith cuimsitheach, dul chun tairbhe do chuid níos leithne den Aontas agus a bheith mór ó thaobh méide agus raon feidhme de. Meastar gur mó na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ná a gcostas.

Measann an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643, gur cheart, trí na TELCCanna a sainaithníodh a chur in úsáid, gur cheart comhar leis an Úcráin a éascú agus leas a bhaint as na ceachtanna ábhartha a foghlaimíodh.

<u>**Diongbháilteacht Eorpach Drón agus Frith-Dhrón (DECODER)**</u>

Tugtar aghaidh sa togra, ó thaobh na fadtéarmachta de, ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú, agus tacaíonn sé le comhtháthú an mhargaidh, le spleáchais straitéiseacha a laghdú agus le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht. Léiríonn sé an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann an tionscadal le cumais mhíleata atá ríthábhachtach do leasanna slándála agus cosanta an Aontais, agus tugann sé aghaidh freisin ar chomhar sibhialta-míleata agus ar theicneolaíochtaí dé-úsáide. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh PESCO agus GEC chomh maith le gníomhaíochtaí ábhartha ECAT.

Sa togra, déantar argóint láidir, a bhfuil bunús maith léi, go rachaidh an tionscadal chun tairbhe do chuid níos leithne den Aontas, agus tá 26 Bhallstát, chomh maith le tíortha eile, rannpháirteach ann. Sa togra, tugtar fianaise ar raon feidhme nach beag lena gcuimsítear castacht theicniúil agus éagsúlacht gníomhaíochtaí oibríochtúla agus tionsclaíocha araon, chomh maith le huaillmhian straitéiseach fhadtéarmach agus méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil.

**<u>Cosaint Chomhtháite Mhuirí agus Ghrinneall na Farraige (CCMGF)</u>**

Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú agus meastar go gcuideoidh sé le comhar trasteorann a leathnú, le hilroinnt a laghdú i margadh cosanta muirí na hEorpa, atá an-ilroinnte, agus le héifeachtaí seach-iarmharta dearfacha a ghiniúint le haghaidh na hearnála sibhialta. Cumhdófar leis an tionscadal freisin comhar le húdaráis shibhialta, rud a rannchuideoidh le gníomhaíocht shuaitheanta an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan maidir le Feasacht ar an Réimse Muirí a chur chun feidhme. Rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt ar chumais atá ríthábhachtach do leasanna slándála agus cosanta an Aontais trí thacú le feasacht ar an réimse muirí, le cosaint bonneagair chriticiúil faoi uisce, le hailtireachtaí cabhlaigh idir-inoibritheacha agus le cumais chogaíochta faoi uisce agus ar ghrinneall na farraige.

Tá an tionscadal bunaithe ar roinnt tionscnamh PESCO agus GEC atá ar bun faoi láthair, agus cuirtear gníomhaíochtaí ábhartha ECAT san áireamh ann. Léiríonn sé rannpháirtíocht líon mór tíortha (17), agus baineann cuid níos leithne den Aontas tairbhe as. Tá raon feidhme nach beag ag an tionscadal agus tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige.

**<u>AN SPÁS</u>**

Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú, tacaítear le T&F atá tagtha in aibíocht a chlaochlú ina gcumais oibríochtúla cheannasacha nach féidir le haon Bhallstát a fhorbairt ina aonar, leathnaítear comhpháirtíochtaí trasteorann, cruthaítear deiseanna nua margaidh agus tugtar aghaidh ar laghdú an spleáchais struchtúraigh i réimse an spáis. Tá an tionscadal an-ábhartha ó thaobh cúrsaí míleata agus oibríochtúla de agus is rannchuidiú díreach agus struchtúrach é leis an Sciath Eorpach Spáis.

Cuirtear tionscadail ábhartha PESCO san áireamh ann agus is é is aidhm dó cumais agus idir-inoibritheacht na mBallstát a threisiú i gcomhréir le gníomhaíochtaí ECAT. Léiríonn sé rannpháirtíocht líon mór tíortha (16). Tá raon feidhme nach beag aige, tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige, agus téann sé chun tairbhe do chuid mhór den Eoraip de bharr an chumhdaigh ar fud an Aontais atá ina ghné dhílis de chumais spásbhunaithe.

**<u>Cosaint Chónasctha Chomhtháite Aeir agus Diúracán an Aontais lena n-áirítear Cumais Luathrabhaidh</u>**

**<u>(CCCAD-AE)</u>**

Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú agus tacaítear le comhar laistigh de thionscal na hEorpa a bhunú agus a leathnú. Rannchuideoidh sé le córas cónasctha de chórais a chruthú lena soláthrófar do na Ballstáit cumais mhíleata atá ríthábhachtach, is é sin, cosaint chomhchoiteann chomhtháite aeir agus diúracán (CCAD). Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh PESCO agus GEC chomh maith le gníomhaíochtaí ábhartha ECAT.

Léiríonn an tionscadal rannpháirtíocht líon mór tíortha (16). Rannchuidíonn sé go díreach le hathléimneacht chomhchoiteann an Aontais a neartú trí CCAD a fheabhsú, trí chosaint bonneagair chriticiúil a fheabhsú, trí chomhordú oibríochtúil na bhfórsaí armtha a mhéadú agus trí acmhainneachtaí tionsclaíocha in earnálacha criticiúla a bhaineann le cosaint aeir agus

diúracán a threisiú. Tá raon feidhme nach beag ag an tionscadal agus tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige.

**Faireachán ar an gCliathán Thoir (FCT)**

Tugtar aghaidh sa togra ar iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú, ar chomhtháthú an mhargaidh, ar FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe a chomhtháthú trí shlabhraí soláthair a éagsúlú, agus ar spleáchais straitéiseacha a laghdú. Tugann sé aghaidh ar réimsí cumais atá ríthábhachtach, amhail comhrac talún, C4ISTAR, cosaint aeir agus diúracán, dróin/frithdhróin agus soghluaisteacht mhíleata. Cuirtear tionscnaimh PESCO agus GEC san áireamh ann, agus tá sé bunaithe ar ghníomhaíochtaí ábhartha ECAT agus rannchuidíonn sé leo.

Léiríonn an tionscadal rannpháirtíocht líon mór tíortha (15). Tá an togra struchtúrtha mar thionscnamh ilfhearainn um fhorbairt cumais agus, cé go bhfuil sé dírithe go geografach ar theorainn thoir an Aontais, téann sé chun tairbhe do na Ballstáit uile agus iad ag dul i ngleic le bagairtí sonracha slándála, agus is féidir a limistéar geografach leasa a leathnú. Tá raon feidhme nach beag ag an tionscadal, tá méid foriomlán airgeadais measta substaintiúil aige agus tá uaillmhian fhadtéarmach ag baint leis.

Os a choinne sin, maidir le ceithre thogra eile, is é sin, Aonaid Chomhraic Róbatacha Eorpacha le haghaidh Oibríochtaí Talún (ERCUL), Córais Airtléire (ARTISYS), Córais Ardáin Oibríochtaí ilfhearainn (ARCADIA) agus Spás Eorpach Sonraí Cosanta le haghaidh IS (EDDS), cé go bhfuil siad ábhartha maidir le hullmhacht cosanta an Aontais a neartú, fuarthas amach nach gcomhlíonann siad go hiomlán fós na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643, de bharr easpa soiléireachta sa chaoi a dtugtar tuairisc ar a gcuspóirí agus de bharr leibhéal foriomlán a n-aibíochta, lena n-áirítear leibhéal foriomlán a n-aibíochta maidir lena n-uaillmhian éagsúlacht na ngníomhaithe tionsclaíocha ábhartha agus na réiteach ábhartha a thabhairt le chéile faoin gcuspóir comhroinnte maidir le hullmhacht cosanta a bhaint amach. Faoi réir tuilleadh aibíochta, léiríonn na tograí sin, mar sin féin, acmhainneacht láidir chun iad a shainaithint mar TELCCanna tar éis glao eile ar léiriú spéise. I ndáil leis sin, féadfaidh siad, dá bhrí sin, cistiú EDIP a fháil chun tacú lena bhforbairt bhreise.

2026/0192 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta a shainaithint faoi Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('Rialachán EDIP')[1], agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Feabhra 2026, sheol an Coimisiún glao ar léiriú spéise arbh é ab aidhm dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna) a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, de bhun Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2025/2643. Faoi spriocdháta an 29 Bealtaine 2026, chuir na Ballstáit naoi dtogra tionscadail isteach le haghaidh TELCCanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 35(5)(b) de Rialachán EDIP, d'iarr an Coimisiún ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), tríd an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), a gcuid saineolais a sholáthar d'fhonn comhsheasmhacht leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 35(2) den Rialachán sin a áirithiú agus an fhaisnéis a sholáthair na Ballstáit maidir le tograí tionscadail a chomhlánú.

(3) D'fhíoraigh an Coimisiún gur cuireadh na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe uile, agus, i gcás inarb ábhartha, an Úcráin, ar an eolas go raibh tionscal ag teacht chun cinn agus gur tugadh an deis dóibh a bheith rannpháirteach ann.

(4) D'fhíoraigh an Coimisiún, agus an fhaisnéis a chuir SEGS agus GEC ar fáil á cur san áireamh, go gcomhlíonann na tograí tionscadail le haghaidh TELCCanna a d'fhéadfadh a bheith ann, ar tograí iad a cuireadh isteach faoin nglao ar léiriú spéise, na critéir a leagtar síos in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643, agus mhol sé cúig thogra a shainaithint mar TELCCanna.

(5) Comhlíonann na TELCCanna a sainaithníodh na critéir a leagtar amach in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2025/2643. Go sonrach, d'fhéadfaidís iomaíochas, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) a neartú go mór, rannchuidiú le forbairt chumais mhíleata na mBallstát, agus comhar faoi chuimsiú Buanchomhar

[1] IO L 2025/2643, 29.12.2025.

Struchtúrtha (PESCO), tionscnaimh agus tionscadail de chuid GEC agus gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) a chur san áireamh; tá siad cuimsitheach, téann siad chun tairbhe do chuid níos leithne den Aontas, tá siad mór ó thaobh méide agus raoin feidhme de, agus meastar gur mó na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ná na costais a bhaineann leo.

(6) Maidir le gach TELCC a mholtar a shainaithint, comhlíontar critéar na hábharthachta agus, dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún páirt a ghlacadh sna TELCCanna uile a mholtar a shainaithint, i gcomhréir le hAirteagal 35(14) de Rialachán (AE) 2025/2643.Ba cheart ról breathnóra ar na cúig TELCC uile a mholtar a shainaithint a thabhairt don Ardionadaí agus do GEC.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Sainaithnítear na tionscadail a liostaítear san Iarscríbhinn mar Thionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna).

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*